Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo.

Nuachtlitir: Eagrán 2, Meitheamh 2011

Bloc K3, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara

eolas@foras.ie **www.foras.ie**

*** Le do thoil déan cóip den nuachtlitir seo & scaipigí é ar na baill atá ar an mbord bainistíochta sa scoil & foireann na scoile. Tá cóip den nuachtlitir seo ar fáil ar www.foras.ie**

Fáilte go dtí an dara heagrán den Nuachtlitir

27 Meitheamh 2011

A chairde,

Seo chugaibh an dara heagrán den nuachtlitir nua atá ag an bhForas Pátrúnachta. Tá súil againn go mbeidh an nuachtlitir seo mar áis eolais agus tacaíochta daoibh ar fad . Ba mhaith liom buíochas a ghabhail libh as ucht an deá-obair ar fad atá déanta agaibh i rith na scoilbhliana seo.

Sa nuachtlitir beidh an t-eolas is déanaí maidir leis an bhForas Pátrúnachta, cúrsaí oideachais, an nuacht is déanaí agus eolas ar na ciorcláin is tábhachtaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna chomh maith le gné ailt eile.

Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, má tá aon mholtaí agaibh is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag na sonraí thuas luaite.

Le gach dea-ghuí

Ard-Rúnaí

San eagrán seo:

- Oifig & Seoladh Nua! / Leabhair do bhunscoileanna **2**
- An nuacht is déanaí: An Fóram ar Phátrúnacht & Iolrachas san Earnáil Bhunscoile / An Painéal agus Folúntais sa Bhunscoil / Dualgais an Fhorais & na Boird Bhainistíochta **3**
- Na ciorcláin is tábhachtaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna **4**
- www.foras.ie **5**
- Déan teagmháil linn **6**

Oifig & Seoladh nua!

Tá An Foras Pátrúnachta tar éis oifigí a bhogadh ó Institiúid Oideachais Marino go dtí an campas gnó i Maigh Nuad le déanaí. Tá seoladh nua againn:

An Foras Pátrúnachta, Bloc K3, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara

Tá teacht ar an oifig ag na huimhreacha cheana (01) 805 7745/ 7740 agus na seoltaí ríomhphoist seo a leanas:

Caoimhín Ó hEaghra: caoimhin@foras.ie

Siobhán Seoighe: siobhan@foras.ie

Leabhair do bhunscoileanna:

Tá dhá leabhair do na bunscoileanna leis an nuachtlitir seo:

'Dialann Dúlra' le Tony McNally atá curtha i gcló ag Gaelink agus atá curtha ar fáil ag an bhForas Pátrúnachta

'Níl aon abair bhaile ag Mó de Róiste le Róiste' — Úrscéal ó Viv agus Olive Keane agus atá curtha ar fáil ag Comhluadar www.comhluadar.ie





An Nuacht is déanaí:

Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile

Mar is eol daoibh tá fóram faoi Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile ar siúl faoi láthair.

Rinne an Foras Pátrúnachta cur i láthair ag an bhfóram inar rinneadh cás na scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre a chur chun cinn. Cuireadh béim ar leith ar an gá práinneach freastal ar an éileamh ó thuismitheoirí i gceantair nár aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna go raibh an daonra ag fás. Ba léir go raibh éifeacht ag achainí an Fhorais nuair a thagair Ard Rúnaí an Roinn Oideachais, Bridget Mc Manus dár n-éileamh agus gur ghlac sí leis an bpráinn a bhí leis.

Beidh an chéad dhréacht den tuairisc á chur ar fáil sa bhFómhar. Tá aighneacht an Fhorais le feiceáil ag an nasc seo a leanas: http://www.education.ie/home/

An Painéal & Folúntais sa bhunscoil

Faoi dheireadh tá treoir faighte againn ón Roinn Oideachais agus Scileanna mar gheall ar na painéil agus fógairt folúntais. Tá an t-eolas seo seolta ag an scoil i bhfoirm ríomhphoist. Ba cheart duit an fógra seo a lé-amh go mion.

Ba cheart ríomhphost a sheoladh chugam má tá aon phost le fógairt nó má aon fholúntais ar fáil i do scoil. Arís má tá aon mhúinteoir atá ag cailliúint poist i do scoil atá i dteideal cearta painéal ní mór duit an t-eolas seo a chur ar aghaidh agam láithreach. Is féidir leat an t-eolas seo a sheoladh chugam ag siobhan@foras.ie. Ba mhaith linn ar mbuíochas a ghabhail leat as ucht do thuiscint agus foighne ar an ábhar seo.

Dualgais an Fhorais & Na Boird Bhainistíochta

Mar chuid de chúramaí an Fhorais tá cinntiú go bhfuil cúrsaí airgid, árachais srl i gceart inár scoileanna. Chun an dualgais seo a chomhlíonadh ní mór do gach bord bainistíochta cinntiú go bhfuil na cáipéisí seo curtha ar aghaidh chuig oifig an Fhorais:

- **Aon athrú ar an mbord a cur in iúl don bhForas Pátrúnachta**
- **Cuntais iniúchta don scoilbhliain atá caite**
- **Cóip de pholasaí árachais na scoile**
- **Líon cinnte na bpáistí sa scoil bunaithe ar an bhfigiúr a tugadh don Roinn Oideachais i mí Deireadh Fómhair**.

Bhfuil scéal ag do scoil nó ócáid ag teacht chun cinn. Ba bhreá linn cloisteáil uait!

Is féidir eolas a seoladh chuig an seoladh ríomhphost seo eolas@foras.ie nó glao orainn sa oifig ag na huimhreacha seo a leanas: (01) 805 7745 / 805 7740

Na ciorcláin is tábhachtaí ón Roinn Oideachas & Scileanna:

Tá na ciorcláin ar fad ar fáil ar www.foras.ie agus ar www.education.ie

2011

0042/2011: Socruithe Foirne sna Scoileanna Speisialta

0038/2011: Ciorclán chuig Údaráis Bhainistíochta i mBunscoileanna, i Meánscoileanna, i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha agus chuig Príomh-Oifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais maidir le Socruithe Athbhreithnithe i ndáil le Soláthar Tacaíochtaí Teagaisc Acmhainne don scoilbhliain 2011/12.

0034/2011: Caighdeánú na Scoilbhliana i leith Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna do na scoilbhlianta 2011/12, 2012/13 agus 2013/14.

0031/2011: Earcaíocht, Clárú agus Cáilíochtaí i Leith Múinteoirí.

0030/2011: Ciorclán 0030_2011 Socruithe don Scoilbhliain 2011/2012 maidir le Poist mar Mhúinteoirí Tacaíochta Foghlama/Acmhainne (MTF/A) agus mar Poist mar Mhúinteoirí Acmhainne (MA)

0028/2011: Na Nósanna Imeachta Leasaithe Um Ardú Céime I gCás Leas phríomhoide, Príomhoide Cúnta Agus Oide Um Dhualgais Speisialta A Cheapadh i mbunscoileanna Aitheanta.

0026/ 2011: Forfheidhmiú Pháirc an Chrócaigh.

0023 & 0024/2011: Leithdháileadh maoinithe ar scoileanna i gcomhair leabhar - Bunscoileanna

0021/2011: Cáilíochtaí Oideachais maidir le Ceapachán mar Chúntóir Riachtanais Speisialta i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta

0020/2011: Imlitir chuig Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna ar an bpróiseas Measúnaithe Riachtanas faoin Acht um Míchumas 2005

0018/2011: Scéim na ndeontas Caipitil do na hoibreacha Éigeandála

0017/2011: Shocruithe Leasaithe maidir le Tacaíochtaí Teagaisc a Sholáthar do Dhaltaí Taistealaithe

0016/2011: Rátaí Athbhreithnithe Pá i leith Maoirseachta / Ionadaíochta don scoilbhliain 2010/11

0011/2011: Teidlíochtaí Chosaint Mháithreachais do Mhúinteoirí Cláraithe I mbunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna Aitheanta

0010/2011: Scéim Sosa Gairme do Mhúinteoirí Cláraithe I mBunscoileanna agus LarBhunscoileanna Aitheanta

www.foras.ie

Liosta Scoileanna & Sonraí Teagmhála



Liosta scoileanna & sonraí teagmhála

1. Liosta Scoileanna i gCúige Chonnachta anseo
2. Liosta Scoileanna i mBaile Átha Cliath anseo
3. Liosta Scoilenna i gCúige Laigheann anseo
4. Liosta Scoileann i gCúige Mumhan anseo
5. Lisota Scoileanna i gCúige Uladh anseo

Tá suíomh nua ag an bhForas Pátrúnachta le cúpla mí anuas. Ar an suíomh gheobhaidh tú eolas ar an bhForas Pátrúnachta, an nuacht is déanaí , eolas ar na scoileanna agus acmhainní.

Tá mapaí Google in úsáid againn ar an suíomh, áit ina bhfuil na scoileanna ar fad faoin bhForas Pátúnachta luaite. Tá PDF le híoslódáil le sonraí teagmhála na scoileanna sna cheantair éagsúla: Cúige Chonnacht, Cúige Laighean, Baile Átha Cliath, Cúige Mumhan agus Cúige Uladh.

Tá foirmeacha faomhadh do mhúinteoirí / príomhoidí A1 agus A2 ar fáil le híoslódáil ón suíomh chomh maith le heolas tábhachtach don bhord bainistíochta. Tá an suíomh á fhorbairt an t-am ar fad agus má tá aon moltaí agaibh nó má tá eolas agat faoi do scoil ba mhaith linn cloisteáil uait.

Bhfuil scéal ag do scoil nó ócáid ag teacht chun cinn. Ba bhreá linn cloisteáil uait!

Is féidir eolas a seoladh chuig an seoladh ríomhphost seo eolas@foras.ie nó glao orainn sa oifig ag na huimhreacha seo a leanas: (01) 805 7745 / 805 7740

Sonraí teagmhála an Fhorais:

Tá beirt fostaithe go lán aimseartha ag an bhForas Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo le freastal a dhéanamh ar scoileanna an Fhorais: Caoimhín Ó hEaghra, Ard-Rúnaí agus Siobhán Seoighe, Feidhmeannach.
Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ag na sonraí seo a leanas:

Caoimhín Ó hEaghra, Ard-Rúnaí
Bloc K3, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad,
Co. Chill Dara
caoimhin@foras.ie

Siobhán Seoighe, Feidhmeannach
Bloc K3, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad,
Co. Chill Dara
siobhan@foras.ie

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh agus má tá moltaí ar bith agat maidir leis an suíomh nó eile ba bhreá linn cloisteáil uait.